An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
Miontuairiscí
Dé Máirt 19 Aibreán 2016

Tionóladh cruinniú den Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta in Institiúid Oideachais Marino ar 11am ar an Máirt 14 Meitheamh 2016.

I láthair: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Yvonne Ní Mhurchú (Leas-chathaoirleach), Cathnia Ó Muircheartaigh, Deirbhile Nic Craith, Seán Mac Nia, Dairíona Nic Con Iomaire, Sinéad Nic Giolla Cionnaigh.
Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Cathy Ní Chianaigh (Oifigeach Feidhmiúcháin) An Dr. Pádraig Ó Dubihir, An Dr. Gerry Shiel agus an Dr. Joseph Travers.
Leithscéalta: Aindrias Ó Muimhneacháin, Séamus Ó Fearraigh, Marina Ní Threasaigh, Elaine Ní Neachtain, Robbie Cronin.

Clár	Cur síos	Gníomh
Cur i láthair	Chuir an Dr. Pádraig ó Duibhir agus an Dr. Gerry Shiel an taighde atá beartaithe acu i láthair. Rinne an Dr. Pádraig Ó Duibhir agus an Dr. Joseph Travers cur i láthair ar an taighde atá beartaithe acu. Moladh go dtabharfaí faoin taighde seo ar bhonn uile-oileánda ach aithníodh go bhféadfadh breis costais i gceist. Seolfar na ceistiúcháin chuig scoileanna an tuaiscirt agus d'fhéadfadh dalta ón tuaisceart a bheith páirteach. Pléadh ardchumas Gaeilge na dtaighdeoirí.	Faomhadh caiteachas an iarratais seo. Faomhadh caiteachas an iarratais seo.
1. Coimhlint Leasa	Dhearbhaigh baill an bhoird nach raibh aon ábhar ina choimhlint leasa d'aon duine ar an gclár.	
3. Miontuairiscí 25 Feabhra 2016	Glacadh le miontuairiscí 19 Aibreán 2016 agus tugadh cead don Chathaoirleach iad a shíniú.	
4. Nithe ag éirí astu nach bhfuil ar an gclár	**Dianchúrsa COGG** Tugadh le fios go bhfuil thart ar 23 múinteoir agus 10 síceolaí ó NEPS cláraithe don dianchúrsa go dtí seo.	Teagmháil a dhéanamh leis na scoileanna arís faoin Dianchúrsa agus an

	Moladh teagmháil a dhéanamh leis na scoileanna arís. **Tuairisc 2015** Tá sé foilsithe anois agus ar fáil ar shuíomh COGG. **Bord COGG** Toghadh Aindrias Ó Muimhneacháin mar TD, agus ní bheidh sé ina bhall de bhord COGG feasta, ach níor ainmníodh a chomharba go fóill. **Foireann COGG** Beidh na hOifigigh nua ag tosú ag obair le COGG ar 1 Meán Fómhair. Ceapadh Máire Nic an Rí mar Oifigeach Bunscoile agus Pádraig Ó Beaglaoich mar Oifigeach Iar-bhunscoile.	ceardlann lae.
5. Tuairisc an Chathaoirligh	**Cruinniú leis an Roinn Oideachais 19 Aibreán** Tuairiscíodh go raibh cruinniú dearfach ag an gCathaoirleach & ag an bPríomhfheidhmeannach le hOifigigh na Roinne Oideachais ar an 19 Aibreán. Pléadh an clár teagaisc comhtháite do ranganna 3-6 sna bunscoileanna Béarla agus maoiniú a chur ar fáil chun an clár a fhorbairt thar tréimhse 3-4 bliain. Pléadh cúrsaí airgid sa Roinn Oideachais. Iarradh ar COGG cáipéis tairisceana a chur le chéile don chlár comhtháite teanga. De bharr go bhfuil práinn leis an obair seo socraíodh go mbeadh cruinniú de ghrúpa oibre bunscoile ann tar éis an chruinnithe bhoird chun an tairiscint a phlé **Taighde** Maidir le taighde na CNCM ar thionchair athruithe siollabais Gaeilge na hArdteiste, tá tús curtha leis an obair agus déanfar comparaid idir iarratasóirí na hArdteiste i 2011 agus 2015. **Polasaí don Oideachas Gaeltachta** Tuairiscíodh nach mbeidh sé réidh agus	

	curtha i bhfeidhm roimh thús na scoilbhliana nua. Tosófar leis na scoileanna i limistéir Catagóir A. Tá cruinniú iarrtha leis an Aire Stáit Seán Kyne. **Comhchomhdháil** San Óstán Ormonde i gCill Chainnigh a bheidh comhchomdháil COGG agus Gaelscoileanna Teo. ar an 11 Samhain. Tugadh cuireadh don Aire Oideachais & Scileanna Richard Bruton bheith i láthair. Beidh ionadaíocht ar fáil ag scoileanna ón Roinn Oideachais agus Scileanna don chomhdháil. Táthar ag súil go seolfar an Polasaí Oideachas Gaeltachta roimhe sin.	
6. Tuairisc Airgeadais	Tuairiscíodh nach raibh ach thart ar 10% de bhuiséad bliantúil COGG caite go dtí seo i mbliana ach beidh circa €178,000 le híoc an mhí seo do na scéimeanna maoinithe idir bhun agus iar-bhunscoile chomh maith le gnáthchaiteachas na Comhairle. Tugadh le fios go bhfuil thart ar €100,000 i gcuntas reatha COGG faoi láthair agus iarradh an chéad sciar eile de bhuiséad COGG, €200,000, ón Roinn Oideachais & Scileanna.	
7. Tuairisc an Phríomh-fheidhmeannaigh	**Spás oifige** Thug an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach cuairt ar Scoil Chaoimhín i Sráid Mhaoilbhríde le déanaí. Ní shíleann an Cathaoirleach go bhfuil an suíomh sin oiriúnach do riachtanais COGG. Pléadh oifig nua do COGG ag an gcruinniú den Choiste Iniúchóireachta. Socraíodh cruinniú idir an Príomhfheidhmeannach agus comhairleoir chun riachtanais oifige COGG a phlé. **Buiséad 2016** Iarradh airgead breise ar an Roinn Oideachais don bhliain reatha. Tá buiséad COGG le plé le hOifigigh na	

	Roinne Oideachais. **An Clár Luathléitheoireachta** Tá Banda 3 den chlár (60 leabhar) ar fáil anois ón Áisaonad. **Teagasc Creidimh *I nGrá Dé*** Tá leabhair na ndaltaí do na naíonáin Bheaga agus na Naíonáin Mhóra ar fáil i nGaeilge anois ó Veritas ach níl leabhar an mhúinteora aistrithe go Gaeilge agus tá roinnt imní ar mhúinteoirí faoi sin. **Eolaíocht & Gnó na Sraithe Sóisearaí** Beidh Aonad 1 & Aonad 5 ón leabhar Eolaíochta *Exploring Science* (EDCO) ar fáil i nGaeilge don scoilbhliain nua. Beidh caibidlí ón leabhar *Time for Business* (EDCO) ar fáil i nGaeilge don scoilbhliain nua freisin. Tá litreacha eolais agus ríomhphoist seolta amach chuig na scoileanna. **Microsoft** Reáchtáladh ceardlann lae in oifig Microsoft le hochtar múinteoirí Gnó & Eolaíochta ó 5 scoil. Bronnadh taibléid ar na múinteoirí chun a gcuid acmhainní a roinnt. **Gráid na hArdteiste** Scríobh COGG chuig na hÚdaráis éagsúla maidir leis an gcinneadh go nglacfar le grád H5 (50-60%) mar ghrád iontrála do na Coláistí Oideachais in áit C3 (55%-60%) i 2017. Is gá a dheimhniú nach mbeidh an scéal amhlaidh arís. Scríobhadh chuig an CSS faoi na gráid H/O a bheith ar fáil i mBéarla amháin. **Faomhadh an mhaoinithe** Scaipeadh liosta de na hiarratais bunscoile & iar-bhunscoile a bhí faofa i bprionsabal cheana féin. Ceadaíodh an caiteachas.	Teagmháil a dhéanamh leis na múinteoirí sa scéim chun uasdátú a fháil uathu. Cruinniú eile le reáchtáil.

	Iarratais nua Pléadh 1. Iarratas Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Cuireadh an t-iarratais ar athló go dtí go mbeidh níos mó eolais & comhairle faighte faoi. 2. Iarratas ó Daydream Education: Pléadh an t-iarratas faoi Aipeanna Mata, le cleachtaí agus cluichí dírithe ar pháistí idir 7-14 bliain aois a aistriú go Gaeilge agus a chur ar fáil saor in aisce. 3. Oireachtas Chois Fharraige Comórtas Scríbhneoireachta do dhaoine óga i nGaeltacht Chois Fharraige; Cinneadh tacaíocht a thabhairt don cheantar Gaeltachta seo chun tacú leis an bpleanáil teanga. Faomhadh an moladh.	Fiosrú le déanamh le Roinn na Gaeltachta faoi chomh-mhaoiniú an tionscadail. Tuairim múinteoir gnó le fáil. Comhairle a fháil ó mhúinteoir Ghnó cumasach maidir le hábhar an iarratais. Seolfaidh an Príomhfheidhmeannach an t-iarratas iomlán chuig comhaltaí an bhoird chun mionscrúdú a dhéanamh air. Comhairle le lorg ó chigirí agus ón PDST. *An Clár Luathléitheoireachta* le bronnadh ar gach bunscoil a ghlacann páirt ann agus dearbhán nó seit de chuid de na leabhair sa leabhrán *150+ leabhar do dhéagóirí* a bhronnadh ar na hiar-bhunscoileanna .
Tuairisc ar thionscadail CCEA	Rinneadh cur i láthair ar na háiseanna atá á bhforbairt ag CCEA: **Séideán Sí:** Beidh na cluichí do Rang 1 & 2 ar an suíomh faoi Mheán Fómhair. Tá an obair ag dul chun cinn ar áiseanna na ranganna eile. **Toraíocht Taisce** Is áis idirghníomhach a bheidh ar fáil go luath do na bunranganna le suas le 300 cluiche air. **An Clog Cainteach:** Is áis idirghníomhach é do na	

	luathbhlianta atá ag foghlaim faoi chúrsaí ama. Beidh dhá leagan ar fáil ar shuíomh CCEA, ceann tuaisceartach agus ceann deisceartach. **Corpoideachas:** Tá áiseanna curtha ar fáil ag CCEA a bhaineann leis na Cluichí Oilimpeacha reatha. **Snas agus Blas:** Clár teanga iar-bhunscoile a bheidh ar fáil don chéad bhliain ag tús na scoilbhliana nua sa tuaisceart. Tá sé dírithe ar na daltaí sna Gaelcholáistí, go háirithe na daltaí a bhfuil deacrachtaí acu leis an nGaeilge, chun snas a chur ar a gcuid Gaeilge. Clár 3 bliana a bheidh ann dóibh le rianú le forás ranganna iomlána agus páistí aonair a thaifeadadh. Pléadh an áis seo a chur ar fáil ar bhonn uile-oileánda ach beidh costas breise ag baint léi. Déanfar plé arís air seo.	
12. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	Tuairiscíodh go raibh cruinniú ag an gcoiste iniúchóireachta le déanaí. Ag eascairt as an gcruinniú sin is gá do COGG polasaithe a uasdátú agus clár riosca agus córas bainistíochta foirne a fhorbairt.	
13. Aon ghnó eile	Beidh an chéad chruinniú eile ar siúl i mí Mheán Fómhair in Institiúid Oideachais Marino. Tá dáta fós le socrú. Pléadh clár *Séideán Sí* agus an gá leis an ábhar a uasdátú agus traenáil chuí a chur ar fáil do na múinteoirí freisin. Tionóladh cruinniú den ghrúpa oibre bunscoile tar éis an chruinnithe bhoird chun sonraíocht do chlár teagaisc Gaeilge	

	do ranganna 3-6 sna bunscoileanna Béarla a phlé.	

Síniú an Chathaoirligh: _____

Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach)

Dáta: _____